AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2026
COM(2026) 511 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

i gcomhréir le hAirteagal 395 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle

1. CÚLRA

De bhun Airteagal 395 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] (an Treoir maidir le CBL), ag gníomhú di d'aon toil de réir togra ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc. Ós rud é go bhforáiltear leis an nós imeachta sin maidir le maolú ar na prionsabail ghinearálta CBL, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), na bearta maolaithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL a cheadaítear 'chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc', ní mór iad a léirmhíniú go beacht agus ní mór na bearta sin a bheith riachtanach agus iomchuí chun an sainchuspóir a shaothraítear leo a bhaint amach, agus ní mór an éifeacht is lú is féidir a bheith acu ar chuspóirí agus ar phrionsabail na Treorach maidir le CBL[2].

Le litir a cláraíodh sa Choimisiún an 28 Bealtaine 2026, d'iarr an Laitvia údarú chun síneadh breise a chur leis an údarú chun an nós imeachta aistrithe táillí a chur i bhfeidhm, de mhaolú ar Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL, i ndáil le soláthar adhmaid nó soláthar seirbhísí gaolmhara, mar a deonaíodh ar dtús tráth aontachas na Laitvia leis an Aontas an 1 Bealtaine 2004, ar cuireadh síneadh leis le Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle in 2006, agus ar cuireadh síneadh leis sé huaire eile ó tharla, den uair is déanaí, go dtí an 31 Nollaig 2026 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3207 ón gComhairle.

I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 21 Lúnasa 2026 maidir leis an iarraidh ón Laitvia. Le litir dar dáta an 25 Lúnasa 2026, thug an Coimisiún fógra don Laitvia go raibh an fhaisnéis ar fad aige a mheas sé a bheith riachtanach chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

2. AN IARRAIDH

Iarrann an Laitvia, faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, go ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt speisialta de mhaolú ar Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe táillí i ndáil le soláthairtí táirgí adhmaid nó soláthar seirbhísí gaolmhara.

Mar riail, is é an duine inchánach a sholáthraíonn na hearraí (nó seirbhísí) a bhíonn faoi dhliteanas CBL a íoc, de bhun Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL. Is é cuspóir an nós imeachta aistrithe táillí an dliteanas sin a aistriú ar an duine inchánach a ndéantar na soláthairtí dóibh chun nach bhféadfadh an soláthróir teitheadh agus an CBL faighte acu (calaois trí thrádálaithe ar iarraidh).

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Féach breithiúnas an 27 Eanáir 2011 i gcás *Vandoorne* C-489/09, EU:C:2011:33, mír 27.

Deonaíodh an maolú don Laitvia den chéad uair i gCaibidil 7, pointe 1(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le hIonstraim Aontachais 2003[3], go dtí an 30 Aibreán 2005, agus cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin den chéad uair, i ndáil le hAirteagal 21 den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle, le Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 2006[4] go dtí an 31 Nollaig 2009. Údaraíodh é ina dhiaidh sin, de mhaolú ar Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL, le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle an 7 Nollaig[5] go dtí an 31 Nollaig 2012, agus cuireadh síneadh leis ar chúig ócáid eile, le Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/55/AE ón gComhairle an 22 Eanáir 2013[6], (AE) 2015/2396 an 10 Nollaig 2015[7], (AE) 2018/2006 an 11 Nollaig 2018[8], (AE) 2022/81 an 18 Eanáir 2022[9] agus, leis an gceann is déanaí, (AE) 2024/3207 an 12 Nollaig 2024[10], lenar cuireadh síneadh leis an mbeart speisialta go dtí an 31 Nollaig 2026. Dá bhrí sin, tá an beart speisialta á chur i bhfeidhm go leanúnach le breis agus fiche bliain anuas agus tá síneadh seacht n-uaire curtha leis cheana féin.

3. DEARCADH AN CHOIMISIÚIN

Nuair a fhaigheann an Coimisiún iarrataí i gcomhréir le hAirteagal 395 den Treoir maidir le CBL, déantar iniúchadh orthu sin d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na bunchoinníollacha maidir le maolú a dheonú, i.e. an ndéantar simpliú ar nósanna imeachta do dhaoine inchánach agus/nó don údarás cánach, leis an mbeart sonrach atá beartaithe nó an bhfuil sé d'aidhm ag an togra cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. Sa chomhthéacs sin, bhí cur chuige faichilleach sriantach riamh ag an gCoimisiún chun a áirithiú nach ndéanfadh maoluithe dochar d'fheidhmiú

[3] Gníomh i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, Iarscríbhinn VIII, Caibidil 7, pointe 1(b), IO L 236, 23.9.2003, lch. 33.

[4] Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 2006 lena n-údaraítear don Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 21 den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais, IO L 25, 28.1.2006, lch. 31.

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle an 7 Nollaig 2009 lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 347, 24.12.2009, lch. 30.

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/55/AE ón gComhairle an 22 Eanáir 2013 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 22, 25.1.2013, lch. 16.

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2396 ón gComhairle an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 332, 18.12.2015, lch. 142.

[8] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2006 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 322, 18.12.2018, lch. 20.

[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/81 ón gComhairle an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha, IO L 13, 20.1.2022, lch. 49.

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3207 ón gComhairle an 12 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L, 23.12.2024.

an chórais CBL i gcoitinne, go mbeadh teorainn leo ó thaobh raon feidhme agus ama de, agus go mbeidís riachtanach agus comhréireach. Dá bhrí sin, ní féidir maolú ar chóras na híocaíochta codánaithe ach amháin sa chás nach bhfuil an dara rogha ann ar feadh tréimhse theoranta agus ní mór ráthaíochtaí a thabhairt leis ó thaobh a riachtanais agus a chineáil eisceachtúil de.

De thairbhe an maolú a bheith i bhfeidhm le breis is 20 bliain anuas, is é dearcadh an Choimisiúin go raibh neart ama ag an Laitvia gnáthbhearta a thabhairt isteach, nach mbeadh maolú ar an Treoir maidir le CBL ag teastáil ina leith, chun smacht a choimeád ar an earnáil adhmaid ina mbíonn méid sách mór earraí inláimhsithe, rud ar cheart a fhágáil go bhféadfaí iniúchadh agus measúnú iar-iniúchta sásúil a dhéanamh.

Thairis sin, meabhraíodh don Laitvia bearta iomchuí a dhéanamh chun calaois a chomhrac mar, go háirithe,

meabhraíodh in Aithris 5 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3207 ón gComhairle, lenar deonaíodh an síneadh atá i bhfeidhm faoi láthair, '*(...) Deonaítear bearta speisialta go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na bearta speisialta sin iomchuí agus éifeachtach. Le bearta speisialta, tugtar am do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n-ábhar, ar íocaíocht CBL, agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, ar bearta iad lenar cheart dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart speisialta in éag, agus ar an gcaoi sin, nár ghá síneadh a chur leis an mbeart speisialta. Ní dheonaítear beart speisialta lena gceadaítear úsáid a bhaint as an sásra aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil le haghaidh réimsí calaoiseacha sonracha agus is é an rogha dheireanach é*'.

sonraíodh in aithris 6 den Chinneadh sin '*(...) sula rachaidh síneadh an bhirt speisialta faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme seo in éag, ba cheart don Laitvia gnáthbhearta eile a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL agus chun í a chosc sa mhargadh adhmaid, ionas nach mbeadh gá le síneadh eile a chur leis an mbeart speisialta*'.

Ní shainaithnítear san iarraidh a chuir an Laitvia isteach aon ghnáthbheart nua a tugadh isteach ón uair a glacadh Cinneadh (AE) 2024/3207. Deir an Laitvia go bhfuil obair ar bun chun na bearta atá i bhfeidhm cheana a neartú agus cuireann sí in iúl go bhfuil sé ar intinn aici filleadh ar an gcóras caighdeánach CBL in earnáil an adhmaid 'ar bhealach pleanáilte agus laistigh de thréimhse ama réasúnta', gan an tréimhse ama sin a shonrú ná torthaí intomhaiste a chur i láthair. Tugann sé le fios freisin go bhfuiltear ag leanúint d'úsáid a bhaint as córas rátála corparáideach atá ann cheana agus atá á oibriú ag a údarás cánach.

Mar sin féin, áitíonn an Laitvia gur cheart síneadh breise a dheonú, ag tagairt go háirithe do chinneadh Pharlaimint na Laitvia (Saeima) teacht i bhfeidhm an ríomhshonrasctha shainordaithigh gnólacht le gnólacht a chur siar ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 1 Eanáir 2028, rud a thuairiscítear ann mar chúis leordhóthanach chun go leanfadh an nós imeachta aistrithe táillí ar aghaidh. Ós rud é gur léiriú é cur siar an ríomhshonrasctha

intíre ar rogha atá faoi rialú na Laitvia féin agus nach srian é a fhorchuirtear le dlí an Aontais, ní féidir leis ann féin údar a thabhairt le maolú breise ar leibhéal an Aontais faoi Airteagal 395.

Thairis sin, i gcás na Liotuáine agus na Rómáine, a raibh maoluithe inchomparáide acu maidir le hearnáil an adhmaid faoi Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1920 agus (AE) 2023/218 ón gComhairle faoi seach, níor cuireadh síneadh leis na bearta sin tar éis 2021 agus 2025, i gcur i bhfeidhm na gcoinníollacha céanna faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

I bhfianaise an mhéid thuas agus é á chur san áireamh gur chuir an Coimisiún an Laitvia ar an eolas cheana féin in 2024 gur cheart gnáthbhearta a chur chun feidhme, agus é á chur san áireamh go bhfuil an beart speisialta i bhfeidhm cheana féin ó bhí 2004 ann agus gur cuireadh síneadh seacht n-uaire leis, in 2006, 2009, 2013, 2015, 2018, 2022 agus 2024 faoi seach, ní féidir údar a thabhairt a thuilleadh le síneadh breise a dheonú.

4. CONCLÚID

Ar bhonn na n-argóintí thuasluaite, cuireann an Coimisiún in aghaidh na hiarrata a rinne an Laitvia.